Dréacht

**FORAITHNE**

de ................. 2025

**lena leasaítear Foraithne Uimh. 397/2016 maidir le ceanglais le haghaidh bainne agus táirgí bainne, uachtair reoite agus saillte agus olaí inite, arna leasú le Foraithne Uimh. 274/2019**

De bhun § 18(1)(a), (b), (g) agus (h) de Ghníomh Uimh. 110/1997 maidir le hearraí bia agus táirgí tobac agus lena leasaítear gníomhartha gaolmhara áirithe, arna leasú le Gníomh Uimh. 306/2000, Gníomh Uimh. 316/2004, Gníomh Uimh. 139/2014 agus Gníomh Uimh. 180/2016, leagann an Aireacht Talmhaíochta síos an méid seo a leanas:

Airteagal I

Déantar Foraithne Uimh. 397/2016 maidir le ceanglais le haghaidh bainne agus táirgí bainne, uachtair reoite agus saillte agus olaí inite, arna leasú le Foraithne Uimh. 274/2019, a leasú mar a leanas:

1. Ag deireadh fhonóta 1, cuirtear an abairt seo a leanas leis ar líne nua: ‘Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí comhchosúla áirithe atá beartaithe lena n-úsáid ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláidí agus purée castán milsithe atá beartaithe lena n-úsáid ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díhiodráitithe go páirteach nó go hiomlán atá beartaithe lena n-úsáid ag an duine.’

2. I bhfonóta 2, cuirtear na focail, ‘arna leasú’ isteach ag deireadh an chéad abairt agus ag deireadh an dara habairt.

3. Ag deireadh fhonóta 2 agus fhonóta 7, cuirtear na focail, ‘arna leasú’ leis.

4. Déantar mír (1) de théacs § 2 mar atá agus cuirtear an mhír seo a leanas (2) leis:

(2) Chun críocha na Foraithne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

a) uachtar géar – táirge bainne a fhaightear trí bhainne, uachtar, bláthach, meadhg nó meascáin díobh a choipeadh trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;
b) bainne géaraithe – táirge bainne a tháirgtear trí bhainne a choipeadh trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;
c) bláthach saothraithe — táirge bainne a tháirgtear trí bhláthach nó meascán de le bainne

a choipeadh trí úsáid a bhaint as na miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;

d) uachtar coipthe nó géar — táirge bainne a tháirgtear trí uachtar a choipeadh trí úsáid a bhaint as na miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;

e) deoch bhainne choipthe nó ghéar – táirge bainne a fhaightear trí bhainne, uachtar, bláthach, meadhg nó meascáin díobh a choipeadh trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe

f) bainne aigéadaifileach – táirge bainne a tháirgtear trí bhainne a choipeadh trí úsáid a bhaint as na miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;

g) bainne iógairt – táirge bainne leachtach a fhaightear trí bhainne, uachtar, bláthach, nó meascáin díobh a choipeadh trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;

h) kefir – táirge bainne a fhaightear trí bhainne, uachtar, bláthach nó meascáin díobh a choipeadh trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, a chuirtear faoi choipeadh alcólach le foirmiú dé-ocsaíde carbóin freisin, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;

i) bainne kefir – táirge bainne leachtach a fhaightear trí bhainne, uachtar, bláthach, meadhg nó meascáin díobh a choipeadh trí úsáid a bhaint as miocrorgánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhForaithne seo, nach ndéantar teaschóireáil air tar éis an phróisis choipthe;

5. In § 4(2), scriostar na focail ‘de réir an struchtúir a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an bhForaithne seo’.

6. In § 4(5), in ionad na bhfocal ‘a bhí táirgthe ó bhainne gan bhearradh neamhchaighdeánaithe, ní gá an tásc cáilíochta a sholáthar’ cuirtear na focail ‘atá marcáilte ar an bpacáistíocht don tomhaltóir deiridh le faisnéis gur táirgeadh iad ó bhainne gan bhearradh neamhchaighdeánaithe, ní gá an tásc cáilíochta agus an tásc maidir leis an gcion ábhair thirim a sholáthar’.

7. Cuirtear an § 8(4) seo a leanas leis:

‘(4) I gcás bainne dlúth agus púdraithe, féadfar an cion lachtóis a laghdú trína thiontú go glúcós agus galachtós. Déanfar athruithe ar chomhdhéanamh an bhainne mar thoradh ar an oibríocht phróiseála sin a mharcáil ar an bpacáistíocht le tásc maidir leis an gcion lachtóis.’

8. In § 12(3)(a), scriostar na focail ‘agus na foghrúpaí de bhun Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an bhForaithne seo’.

9. In § 15(3)(a), scriostar na focail ‘de bhun na gceanglas a leagtar amach i dTábla 8 d’Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an bhForaithne seo’.

10. Léitear § 15(4) mar seo a leanas:

‘(4) Ceadaítear ábhar tirim agus cion saille níos airde ná mar a léirítear ar an bpacáistíocht le haghaidh cáise agus grutha. Níor cheart an cion saille in ábhar tirim a bheith níos mó ná na luachanna a leagtar amach le haghaidh na catagóire ábhartha cáiseanna agus grutha i dTáblaí 5 agus 8 d’Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an bhForaithne seo’.

11. Scriostar § 21(1)(a) agus (b).

Déantar (a) agus (b) d’fhomhíreanna (c) agus (d).

12. In § 26, cuirtear na fomhíreanna nua (l) agus (m) seo a leanas isteach i ndiaidh (k):

‘l) saill friochta nó ola friochta – saill inite nó ola inite atá oiriúnach le haghaidh friochta, atá cobhsaí ag teochtaí arda, agus uimhir aigéid ann nach mó ná 0.6, pointe deataigh nach lú ná + 205°C agus uimhir shárocsaíde ann nach mó ná 2 mhicreamhól (1/2 ROOH)/g saille;

m) ola íon – ola inite a fhaightear gan cineál na hola a athrú trí phróisis mheicniúla amháin, go háirithe easbhrú nó brú, i gcás inarb iomchuí trí úsáid a bhaint as teas, nach n-úsáidtear ach níochán, socrú, scagadh agus lártheifneoiriú uisce lena híonú;’.

Déantar (o) d’fhomhír (l).

13. In § 28(2), cuirtear na focail ‘b’fhéidir’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘grúpa agus’.

14. In § 28(2), scriostar an dara habairt.

15. Léitear fonóta 16 mar seo a leanas:

‘16) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 29/2012 ón gCoimisiún, arna leasú.’

16. Cuirtear an § 29(5) seo a leanas leis:

‘(5) Cuirtear saillte inite ina bhfuil ola phlandúil nó saill phlandúil ar an margadh don tomhaltóir deiridh ar leithligh ó shaillte ainmhíocha agus ó tháirgí bainne ar bhealach nach gcuireann an tomhaltóir deiridh ar míthreoir’.

17. Léitear Iarscríbhinn 1 mar seo a leanas:

‘Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Foraithne Uimh. 397/2016

**Ceanglais mhicribhitheolaíocha maidir le táirgí bainne aonair agus cineálacha miocrorgánach aigéid lachtaigh bheo i dtáirgí bainne coipthe**

| Táirge | Miocrorgánaigh a úsáidtear | Micreaflóra aigéid lachtaigh in CFU in 1 g |
|---|---|---|
| Táirgí bainne coipthe nó géaraithe nach liostaítear thíos, amhail bainne coipthe, uachtar coipthe, bláthach saothraithe, uachtar géar, deochanna bainne coipthe | monashaothráin nó saothráin mheasctha de bhaictéir aigéid lachtaigh | $10^6$ |
| Bainne aigéadaifileach | Lachtbhachaillín aigéadaifileach agus saothráin mhéisifileacha nó theirmifileacha eile de bhaictéir aigéid lachtaigh | $10^6$ Lachtbhachaillín aigéadaifileach |
| Iógart agus bainne iógairt | meascán siombóiseach de Streipteacocas salivarius subsp. thermophilus agus Lachtbhachaillín delbrueckii subsp. bulgaricus | $10^7$ |
| Kefir | táirge coipthe a ullmhaítear ó ghráinní kefir nó ó shaothráin kefir, arb é atá ina mhicreaflóra giostaí coipthe lachtóis agus/nó giostaí neamhchoiptheacha agus baictéir aigéid lachtaigh mhéisifileacha agus theirmifileacha a fhásann le chéile | baictéir aigéid lachtaigh $10^7$ agus giostaí $10^4$ |
| Bainne kefir, neamhbhlaistithe | táirge coipthe arb é atá ann saothráin giostaí coipthe lachtóis agus/nó giostaí neamhchoipthe agus saothráin mheisifileacha agus theirmifileacha de bhaictéir aigéid lachtaigh a fhásann i siombóis lena chéile | baictéir aigéid lachtaigh $10^6$ agus giostaí $10^2$ |
| Bainne kefir blaistithe | táirge coipthe arb é atá ann saothráin mheisifileacha agus theirmeaifileacha de bhaictéir aigéid lachtaigh a fhásann i siombóis le giosta i ngrán kefir agus a bhféadfadh giostaí coipthe lachtóis agus/nó giostaí neamhchoipthe a bheith ann | baictéir aigéid lachtaigh $10^6$ agus giostaí 0 agus níos mó |
| Táirge bainne coipthe le saothrán bifideach | Bifidbhaictéar sp. in éineacht le baictéir aigéid lachtaigh mheisifileacha agus theirmifileacha | $10^6$ Bifidbhaictéir |

Tabhair faoi deara: I gcás táirgí iógairt, féadfar tréithchineálacha a tháirgeann aigéad lachtach agus a chuidíonn le béim a leagan ar shaintréithe sonracha blais nó uigeachta an táirge a chur leis an mbunsaothrán iógairt. Mar sin féin, ní mór an cóimheas optamach idir an dá thréithchineál bhunúsacha de shaothrán iógairt a choinneáil.’

18. In Iarscríbhinn 4, scriostar an focal ‘déiríocht’.

19. Léitear Iarscríbhinn 5 mar seo a leanas:

‘Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Foraithne Uimh. 397/2016

**Dialltaí meáchain agus toirte diúltacha incheadaithe maidir le táirgí bainne agus táirgí déiríochta a phacáistiú**

| Táirge | Meáchan nó toirt na pacáistíochta | Diall meáchain nó toirte diúltach incheadaithe |
|---|---|---|
| Bainne leachtach, uachtar leachtach, táirge bainne aigéadaithe nó coipthe, táirgí bainne eile | suas le 250 ml nó 250 g | - 5.0 % le haghaidh gach pacáiste |
| | suas le 500 ml nó 500 g | - 3.0 % le haghaidh gach pacáiste |
| | suas le 1 000 ml nó 1 000 g | - 2.0 % le haghaidh gach pacáiste |
| | os cionn 1 000 ml nó 1 000 g | - 1.5 % le haghaidh gach pacáiste |
| Táirgí bainne comhdhlúite | suas le 1 000 g | - 3.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | os cionn 1 000 g | - 2.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 0.5 % le haghaidh 20 pacáiste |
| Táirge bainne triomaithe, táirge bainne próitéine | suas le 250 g | - 3.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | suas le 1 000 g | - 2.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 0.5 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | os cionn 1 000 g | - 1.0 % le haghaidh gach pacáiste |
| Cáis agus gruth, lena n-áirítear roinnte agus slisnithe | suas le 125 g | - 10.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 2.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | suas le 250 g | - 5.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | suas le 500 g | - 3.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | os cionn 500 g | - 1.0 % le haghaidh gach pacáiste |
| Cáis i sáile tar éis an sáile a dhraenáil | suas le 125 g | - 15.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 2.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | suas le 250 g | - 10.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 2.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | suas le 500 g | - 5.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | os cionn 500 g | - 2.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| Dlútháin saille ime agus bainne agus táirgí bainne cumaisc | suas le 20 g | - 10.0 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 2.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | suas le 250 g | - 1.5 % le haghaidh gach pacáiste<br>- 1.0 % le haghaidh 20 pacáiste |
| | os cionn 250 g | - 1.0 % le haghaidh gach pacáiste |

“.

20. Léitear Tábla 1 in Iarscríbhinn 11 mar seo a leanas:

‘Tábla 1 - Bunaicmiú saillte agus olaí inite ina gcineálacha, ina ngrúpaí agus ina bhfoghrúpaí

| Cineál | Grúpa | Foghrúpa |
|---|---|---|
| Saill nó ola inite | cineál aonair plandaí nó de réir tionscnamh sonrach plandaí<br><br>planda ilspeiceas | friochadh<br>íon |
| | blonag mhuiceola<br>geir mhairteola roghnaitheach<br>geir mhairteola<br>de réir speiceas ainmhíoch | |
| | soladaithe go hiomlán<br>soladaithe go páirteach | |
| | giorrú | |
| | leacht eiblithe | |

“.

Scriostar fonóta 17.

21. In Iarscríbhinn 11, Tábla 2, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

„

| | |
|---|---|
| Ola shíol cnáibe | a tháirgtear ó shíolta cnáibe (Cannabis sativa) |

“.

Airteagal II

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Féadfar bainne, táirgí déiríochta, uachtair reoite, saillte inite agus olaí inite a tháirgeadh, a lipéadú agus a chur ar an margadh i gcomhréir le Foraithne Uimh. 397/2016, arna leasú roimh dháta éifeachtach na Foraithne seo, go dtí an 1 Iúil 2026.

2. Bainne, táirgí bainne, uachtair reoite, saillte inite agus olaí inite a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh dháta éifeachtach na Foraithne seo i gcomhréir le ceanglais Fhoraithne Uimh. 397/2016, arna leasú roimh dháta éifeachtach na Foraithne seo, féadfar iad a dhíol go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Airteagal III

**Rialáil theicniúil**

Tugadh fógra faoin bhForaithne seo i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.

Airteagal IV

**Dáta éifeachtach**

Beidh éifeacht ag an bhForaithne seo an 1 Meán Fómhair 2025, cé is moite d’fhorálacha Airteagal I, pointe 7, a mbeidh éifeacht acu an 14 Meitheamh 2026.

An tAire Talmhaíochta: